Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Nollaig 2020
(OR. en)

14292/20

UD 402

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12194/20 REV 4 and 13831/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aontas Custaim a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile: Plean Gníomhaíochta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aontas Custaim a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile: Plean Gníomhaíochta, a formheasadh trí nós imeachta i scríbhinn a tugadh i gcrích an 18 Nollaig 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aontas Custaim a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile: Plean Gníomhaíochta**

## I. An chuid réamhráiteach

Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh

MEABHRAÍTEAR DI

- Conclúidí ón gComhairle maidir le hAontas Custaim an Aontais Eorpaigh agus an Rialachas a Dhéantar air a Fhorbairt[1], inar iarr an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Cód Custaim an Aontais a chur chun feidhme (dá ngairtear CCA anseo feasta) mar phríomhthosaíocht agus straitéis chuimsitheach a fhorbairt le haghaidh chórais TF custaim don mheántéarma agus don fhadtéarma;
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcéad tuarascáil dhébhliantúil ar Dhul chun cinn i ndáil le hAontas Custaim an Aontais Eorpaigh agus an Rialachas a Dhéantar air a Fhorbairt ina n-iarrtar tuilleadh a rá faoi thomhas fheidhmíocht an Aontais Custaim agus an leas a bhaintear as[2];
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i ndáil le Straitéis agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Bainistíocht Rioscaí Custaim a Chur Chun Feidhme[3] inar cuireadh i bhfios go láidir gur gá na córais leictreonacha a sholáthar dá bhforáiltear le CCA ar bhealach tráthúil chun go bhféadfaidh lucht riaracháin chustaim rioscaí airgeadais agus slándála a bhainistiú agus an trádáil á héascú acu;
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mbealach chun cinn i dtaca le feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus idir-inoibritheacht chórais faisnéise an Aontais[4] a áirithiú, inar tugadh an tús áite polaitiúil is airde d'idir-inoibritheacht idir na córais slándála agus bainistithe teorann agus na córais chustaim;

---

1 7585/1/17 REV 1
2 5650/19.
3 15497/18.
4 10151/17

- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an obair leantach ar Chód Custaim an Aontais[5] inar cuireadh i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeadh an obair atá le cur i gcrích bunaithe ar chostais réalaíocha agus ar phleanáil ama réalaíoch agus inar cuireadh i dtreis gur gá leanúint leis an obair maidir leis an trádáil a éascú agus a shimpliú a thuilleadh;

- Conclúidí ón gComhairle maidir le hathchóiriú rialachais ar Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh[6] ina luaitear go bhfuil Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh ar cheann de na samplaí is rathúla den lánpháirtiú Eorpach agus den bheartas Eorpach;

- AITHNÍONN SÍ an obair atá ar bun ag an tionscadal fadbhreathnaitheach maidir le "Todhchaí an Chustaim san Aontas 2040" darb aidhm tuiscint chomhroinnte agus straitéiseach a chruthú i measc na bpríomh-gheallsealbhóirí ar bhealaí chun dul i ngleic leis na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo do chúrsaí custaim agus chun fís a chruthú maidir leis an gcruth ba cheart a bheith ar chustaim an Aontais in 2040;

- TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil CCA á chur chun feidhme go rathúil ag údaráis chustaim na mBallstát agus CUIREANN SÍ i dTREIS go bhfuil réimse leathan freagrachtaí rialaithe orthu chun críoch fioscach agus neamhfhioscach;

- AITHNÍONN SÍ
    - gur dúshláin do na geallsealbhóirí uile an saol mearathraitheach seo, an géarú ar an gclaochlú digiteach agus teacht chun cinn samhlacha nua gnó, amhail an ríomhthráchtáil agus, ina theannta sin, tionchar Brexit agus géarchéim COVID-19;
    - gur chruthaigh an tAontas Custaim go bhfeidhmíonn sé go maith le linn na tréimhse dúshlánaí seo in ainneoin na ndúshlán sin agus gur lean sé de shreabhadh rianúil agus slándáil an tslabhra soláthair idirnáisiúnta a áirithiú agus gur lean sé de leasanna airgeadais an Aontais agus a Bhallstáit a chosaint mar aon le sábháilteacht agus slándáil a chuid saoránach;

---

5 IO C 357, 29.9.2016, lch. 2
6 9688/14.

- IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ina moltar go dtabharfar an tAontas Custaim ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile agus ina moltar bearta uaillmhianacha darb aidhm an tAontas Custaim a neartú, aontas a chosnaíonn an tsochaí, a fheidhmíonn go réamhghníomhach agus a éascaíonn an trádáil chomhlíontach;

## II. Bainistíocht riosca custaim níos éifeachtaí chun go bhféadfar rialuithe níos éifeachtaí a dhéanamh

- IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh: mionsaothrú a dhéanamh ar chur síos mionsonraithe ar chúraimí, ar ról, ar shamhail ghnó agus ar shuí chumais anailísíochta chomhpháirteacha an Aontais chun éifeachtúlacht na straitéise bainistithe riosca a neartú a thuilleadh agus chun breisluach a chur léi; agus lena gcuirfear measúnú dlíthiúil agus airgeadais ar fáil lena n-áirítear saincheisteanna cosanta sonraí agus slándála sonraí, AGUS Á CHOIMEÁD I gCUIMHNE DI inniúlachtaí agus acmhainní na mBallstát agus an Choimisiúin faoi seach i réimse an bhainistithe riosca agus an rialaithe;

- CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá dlúthchomhar leis na Ballstáit agus cumais anailísíochta chomhpháirteacha an Aontais á bhforbairt;

- MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as sonraí áirithe an Taifead Ainmneacha Paisinéirí chun críoch sonrach rialuithe custaim agus anailíse riosca gaolmhaire a mheas, agus an obair atá á déanamh faoi láthair laistigh den Eagraíocht Dhomhanda Chustaim - agus den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta á cur san áireamh sa réimse sin agus i ndáil le cearta bunúsacha agus cosaint sonraí;

- MOLANN SÍ don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar chomhtháthú teicneolaíochtaí nua, go háirithe an intleacht shaorga, san anailís sonraí;

- IS FADA LÉI an tríú tuarascáil ar dhul chun cinn[7] chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le straitéis nua bainistithe riosca agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé, ar an iomlán, comhar a neartú idir na Ballstáit agus a solúbthacht siúd a chaomhnú freisin; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún go gcuirfí san áireamh an saineolas agus na struchtúir atá ann cheana arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit i ndáil leis sin;

[7] 15497/18.

### III. An ríomhthráchtáil a bhainistiú

- CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil gá le dlúthchomhar idir na Ballstáit i réimse na ríomhthráchtála agus sineirge níos fearr a bheith ann i dtéarmaí anailíse riosca mar gheall ar na dúshláin atá ann de dheasca na trádála méadaithí sa réimse seo;

- MOLANN SÍ don Choimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, scrúdú breise a dhéanamh ar shonraí CBT a bhailítear chun críoch custaim, lena ndíreofaí ar éascú na trádála agus ar rialuithe rioscabhunaithe, agus na himpleachtaí dlíthiúla agus teicniúla a bhaineann leo, lena n-áirítear saincheisteanna cosanta sonraí agus slándála sonraí chomh maith leis na hualaí agus na costais a d'fhéadfaí a chruthú don gheilleagar agus do lucht riaracháin;

- IS FADA LÉI an measúnú ón gCoimisiún ar ról agus ar oibleagáidí na ngníomhaithe ríomhthráchtála lena n-áirítear:

  - féachaint an bhféadfaí, le sonraí arna gcur ar fáil go leictreonach, imréiteach custaim i ndáil le líon méadaitheach earraí ríomhthráchtála a chuíchóiriú agus dul i ngleic go comhpháirteach le rioscaí custaim agus cánach, agus rialuithe níos éifeachtaí á n-éascú ag an am céanna, agus féachaint ar an gcaoi a bhféadfaí an méid sin a dhéanamh;

  - na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar chumais theoranta TF údaráis chustaim na mBallstát;

  agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an t-uainiú atá beartaithe a choimeád chun leasuithe dlíthiúla riachtanacha ar CCA a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil a mholadh tar éis an mheasúnaithe.

### IV. Comhlíonadh a neartú agus a éascú

- CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé leanúint den obair chun nuálaíocht bhreise a dhéanamh ar phacáiste CCA agus an trádáil a éascú a thuilleadh, lena n-áirítear trí bhearta a ghlacadh chun tairbhí a fheabhsú d'oibreoirí eacnamaíocha údaraithe;

- MOLANN SÍ don Choimisiún dlús a chur leis na hiarrachtaí i dtaobh chlár na n-oibreoirí eacnamaíocha údaraithe (clár AEO), clár lena n-iarrtar go ndéanfaí, idir na Ballstáit, cleachtais a bheadh chomh comhchosúil agus ab fhéidir d'fhonn cur chun feidhme a chomhchuibhiú maidir le húdaruithe AEO a dheonú agus a bhainistiú, lena n-áirítear faireachán leanúnach ar an stádas sin, agus ár gcomhaontuithe le tríú tíortha maidir le haitheantas frithpháirteach AEOnna a leathnú agus a fheabhsú chun feabhas a chur ar shlándáil an tslabhra soláthair agus trádáil dhlisteanach a éascú;

- TÁ SÍ AG SÚIL le bunú thimpeallacht an ionaid ilfhreastail san Aontas atá beartaithe do réimse an chustaim agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur réamhchoinníoll é comhchuibhiú leordhóthanach na gceanglas dearbhaithe i réimsí beartais neamhchustaim chun timpeallacht an ionaid ilfhreastail a chur chun feidhme go rathúil do réimse an chustaim agus gur cheart go leor ama don chur chun feidhme sin a bheartú do na páirtithe uile lena mbaineann;

- MOLANN SÍ don Choimisiún in éineacht leis na Ballstáit, i bhfianaise na taithí a fuarthas go dtí seo ó ghéarchéim Covid-19, féachaint an bhféadfaí plean bainistithe géarchéime a bhunú i réimse an chustaim, lena n-áirítear na leasuithe dlíthiúla faoi seach, a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm go sealadach agus, mar shampla, saoráidí íocaíochta agus nós imeachta chomh maith le faoisimh shonracha ó dhleacht chustaim a chur ar fáil ar bhealach aonfhoirmeach ginearálta i gcás géarchéim sa todhchaí;

- TÁ SÍ AG TNÚTH le meastóireacht eatramhach ar CCA, go háirithe maidir leis na córais TF, a thabharfar chun críche faoi dheireadh 2021 agus MOLANN SÍ don Choimisiún meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh tar éis do CCA a bheith curtha chun feidhme ina iomláine;

- MEABHRAÍTEAR DI na dúshláin a bhain leis na hiarrachtaí a rinneadh roimhe seo maidir le creat dlíthiúil a bhaint amach chun sáruithe agus smachtbhannaí custaim a chomhchuibhiú; MOLANN SÍ don Choimisiún, dá bhrí sin, iarraidh ar na Ballstáit a bheith rannpháirteach ón tús agus a mhachnamh á dhéanamh aige chun a áirithiú go ráthófar réitigh phragmatacha le haon torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann, réitigh lena n-urramófar inniúlachtaí náisiúnta agus a bheidh comhoiriúnach leis an gcreat dlíthiúil sna Ballstáit;

- MOLANN SÍ don Choimisiún anailís chuimsitheach a thíolacadh ar chóras an Aontais maidir le comhar idirnáisiúnta agus comhar riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim d'fhonn feabhsuithe féideartha de chineál/raon feidhme ginearálta nó sonrach a mholadh a luaithe is féidir agus faoin gceathrú ráithe de 2021 ar a dhéanaí;

**V. Lucht custaim ag obair as láimh a chéile**

- MOLANN SÍ don Choimisiún an staidéar féidearthachta faoi idir-inoibritheacht a fhorbairt idir Córas Faisnéise Schengen agus sonraí Europol le Córas Rialaithe Allmhairí (ICS 2) an chustaim a fhoilsiú a luaithe is féidir, staidéar inar cheart measúnú a dhéanamh ar na deiseanna a bhaineann le hidir-inoibritheacht idir na trí chóras sin agus freisin ar na dúshláin ghaolmhara airgeadais, oibríochtúla, theicniúla agus dhlíthiúla, lena n-áirítear ceisteanna maidir le cosaint sonraí agus rúndacht;

- CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór an comhar idir údaráis chustaim, na póilíní agus seirbhísí eile um fhorfheidhmiú an dlí a fheabhsú. Áirítear leis sin ról iomlán a thabhairt d'údaráis chustaim mar aon le seirbhísí ábhartha de chuid an Choimisiúin sa phleanáil agus sna gníomhaíochtaí a bhaineann leis an measúnú ar bhagairt na coireachta tromchúisí agus eagraithe san Aontas Eorpach chun ardleibhéal sineirge a bhaint amach agus dúbláil a sheachaint;

- TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil an Coimisiún rannpháirteach sa mhachnamh ar conas is féidir feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as príomhtháscairí feidhmíochta agus CUIREANN SÍ I dTREIS go mba cheart roghanna malartacha féideartha a áireamh sa mheastóireacht atá beartaithe ar an ngá le creat dlíthiúil;

- CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sé tábhachtach go n-úsáidfeadh na Ballstáit trealamh nua-aimseartha iontaofa chun feabhas a chur ar éifeachtacht na rialuithe agus chun torthaí coibhéiseacha rialuithe a bhaint amach sa mheántéarma;

- DAINGNÍONN SÍ gur dlúthchuid d'Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh é comhar i measc na mBallstát chun leas airgeadais an Aontais a chosaint agus i ndáil leis an tsábháilteacht agus an tslándáil agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhar éifeachtúil a bheidh bunaithe ar riachtanais a chur chun cinn ar mhaithe le hailíniú feabhsaithe na gcleachtas i measc na mBallstát, lena n-áirítear trí fhormáidí sonracha comhair faoi na cláir chustaim, amhail do na Ballstáit a bhfuil dúshláin chomhchosúla tíreolaíocha nó téamacha acu;

- IS DÍOL SÁSAIMH DI gur seoladh grúpa machnaimh chun leanúint leis an obair a cuireadh ar bun leis an Tionscadal Fadbhreathnaitheach agus chun tuilleadh réiteach bainistithe géarchéime a mheas; ba cheart trácht a dhéanamh sa mhachnamh freisin ar an bhféidearthacht feabhas a chur ar fhothú acmhainneachta an duine agus ar oiliúint oifigeach custaim lena n-áirítear an fhéidearthacht cláir shoghluaisteachta a chur ar fáil ar bhonn deonach agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún teacht ar chomhaontú in éineacht leis na Ballstáit maidir le sainordú soiléir an ghrúpa;

- TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh mórathruithe struchtúracha i dtaca le feidhmiú Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh sa todhchaí a bheith i gceist leis an ngníomhaíocht maidir le measúnú tionchair ar fheidhmiú Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh sa todhchaí lena n-áirítear, mar cheann amháin de na roghanna éagsúla, an fhéidearthacht gníomhaireacht chustaim an Aontais a chruthú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, dá bhrí sin, go mba cheart saineolas na mBallstát a chur san áireamh sa mheasúnú, na réitigh mhalartacha uile a d'fhéadfadh a bheith ann a áireamh ann freisin agus go mba cheart foráil a dhéanamh leis do thráthchlár lena bhféadfaí machnamh domhain a dhéanamh.

## VI. Ráitis scoir

- CUIREANN SÍ I dTREIS gurb é an bealach is fearr chun dul i ngleic le dúshláin chasta i réimse an chustaim obair i gcomhar le chéile agus inniúlachtaí agus freagrachtaí Institiúidí an Aontais agus na mBallstát a urramú ag an am céanna agus go mba cheart don Aontas Custaim leanúint de bheith in ann imthosca sonracha na mBallstát a léiriú;

- CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, i bhfianaise go bhfuil Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh ag feidhmiú go maith go ginearálta, gur cheart do na bearta a ghlacfaí chun feidhmiú Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh a fheabhsú, gur cheart do na bearta sin, ar an gcéad ásc, cur leis na hacmhainní, na struchtúir agus na nósanna imeachta atá ann cheana féin; ach ag an am céanna, ba cheart aird a thabhairt leo ar nuálaíocht agus ar na himthosca athraitheacha ina n-oibríonn cúrsaí custaim chun an tAontas Custaim a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile;

- TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart a áireamh freisin leis na gníomhaíochtaí chun an tAontas Custaim a fhorbairt, i gcás inarb iomchuí, eilimintí d'inbhuaine comhshaoil chun rannchuidiú go háirithe le comhrac an athraithe aeráide;

- CUIREANN SÍ I dTREIS, i bhfianaise na n-acmhainní teoranta, go háirithe i réimse TF, nach mór na gníomhaíochtaí go léir a chur in ord tosaíochta de réir an tionchair a bhíonn acu ar neartú an iomaíochais eacnamaíoch, agus pobal, leasanna airgeadais agus margadh inmheánach an Aontais á gcosaint ar bhagairtí ó thrádáil aindleathach agus neamhchomhlíontach ag an am céanna, nach mór do na gníomhaíochtaí a bheith bunaithe ar anailís chuimsitheach tras-tairbhe, breisluach soiléir a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar bhealach leordhóthanach ar ghéarchéimeanna nó ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus gur gá go bhforálfar leo amlínte cur chun feidhme inoibrithe, agus nár cheart bac a chur ar chur chun feidhme iomlán CCA trí bhíthin obair a dhéanamh chun gníomhaíochtaí nua a bhunú;

- CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá Meitheal Ardleibhéil na nArd-Stiúrthóirí Custaim agus IARRANN SÍ uirthi scrúdú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí is ábhartha ó thaobh straitéise de agus ar a gcomhleanúnachas leis na conclúidí seo, lena n-áirítear an mheastóireacht ar thoradh an mheasúnaithe tionchair ar rialachas Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh sa todhchaí in am trátha;

- IARRANN SÍ ar an gCoimisiún staid na himeartha i ndáil leis na gníomhaíochtaí sin a áireamh sa tuarascáil dhébhliantúil ar Dhul Chun Cinn i ndáil le hAontas Custaim an Aontais Eorpaigh agus an Rialachas a dhéantar air a Fhorbairt.